

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí agus Plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla 2017

Réamhráiteas agus Réasúnaíocht

Tá sé mar aidhm ag Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh folláine a ndaltaí agus a mball foirne a chosaint trí thimpeallacht shábháilte agus chothaitheach a chur ar fáil i gcónaí

Le tamall anuas tá scoileanna ag fulaingt de bharr eachtraí trámacha ó am go ham. Sna hamannta sin bíonn tacaíocht ag teastáil go géar ó phobal uile na scoile – daltaí, oidí, teaghlaigh srl. Cuireann bás tobann dalta, tuismitheora nó ball foirne scoile de thoradh tinnis, timpiste, foréigean nó féinmharú brú faoi leith ar scoileanna agus ní mór deileáil leia an eachtra thrámach seo go tapaidh agus go héifeachtach.

Nuair a tharlaíonn tragóid is gá do dhaoine óga tacaíocht a fháil ó na daoine fásta is fearr a mbíonn aithne acu orthu. Is fiúntach go mór an taithí, an inniúlacht agus na scileanna a bhíonn ag múinteoirí ó thaobh a bheith ag déileáil le leanaí agus le daoine óga, agus is iadsan, i gcomhair leis na tuismitheoirí, na daoine is fearr chun an tacaíocht a thabhairt.

“Is í pleanáil an bhunghné chun teagmhas criticiúil a bhainistiú. Tuairiscíonn síceolaithe go bhfuil scoileanna le polasaí scoile agus plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla acu, ábalta déileáil níos éifeachtaí le torthaí teagmhais. Le plean, cuirtear ar chumas na foirne gníomhú go gasta agus go héifeachtach agus mothú smachta a choinneáil. D’fhéadfadh sé fosta a chinntiú go dtéann rudaí ar ais mar is gnách chomh luath agus is féidir agus go ndéantar na hiarmhairtí ar na daltaí agus múinteoirí a theorannú”. *Freagairt ar Theagmhais Chriticiúla, Treoirlínte do Scoileanna, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (An tSNSO), 2007*

Tá an polasaí seo bunaithe ar “Responding to Critical Incidents. NEPS Guidelines and Resource Materials for Schools 2016”

Sainmhíniú ar Theagmhas Criticiúil

“Go ginearálta is éard atá ann ná teagmhas nó sraith imeachtaí a sháraíonn gnáthmheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar reachtáil na scoile”.

I measc na gcineálacha teagmhais chriticiúla a d’fhéadfadh tarlú sa scoil s’againne tá:

- Bás tobann dalta, tuismitheora nó ball foirne scoile de thoradh tinnis, timpiste, foréigean nó féinmharú
- Timpiste bus scoile
- Fuadach/imeacht ball de phobal na scoile gan tasc ná tuairisc
- Tragóid sa chomharsanacht

- Dochar tromchuisseachd' fhoirgneamh na scoile de bharr dóiteáin, tuillte

Aidhmeanna

Is í aidhm an Phlean Bainistíochta do Theagmhas Chriticiúl ná cabhrú le bainistíocht agus foireann na scoile freagairt thapa agus éifeachtach a thabhairt ar theagmhas, cabhrú linn smacht a choinneáil ar chúrsaí agus a chinntiú go dtairgtear tacaíocht chuí do dhaltaí agus don fhoireann. Ba chóir gur chabhair é dea-phlean a bheith againn chun a chinntiú go mbeidh teorainn leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhas ar na daltaí agus ar an bhfoireann. Ba chóir go gcuirfeadh anplean ar ár gcumas fillleadh ar ghnáthghnáthaimh chomh luath agus is féidir

Atmasféar sábháilte tacúil a chothú

Cuirimid romhainn timpeallacht slán shíceolaíoch agus fhisiceacha chruthú sa scoil go laethúil trí ráiteas físe na scoile agus trí chaighdeáin iompair a bheith leagtha síos go soiléar do chách sa Chód Iompair.

Tá córais curtha i bhfeidhm againn a chabhróidh chun teacht aniar a spreagadh i measc na foirne agus na ndaltaí, agus sa tslí sin iad a bheith ullmhaithe chun déileáil le raon de tharluithe saoil. Áirítear orthu sin bearta chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht fhisiceach agus síceolaíoch phobal na scoile

Sábháilteacht Fhisiceach

- Bíonn doirse seachtracha nascoile faoi ghlas i rith ama teagaisc.
- Plean aslonnaithe eagraithe
- Bíonn druil tine ann uair gach téarma agus tá bealaí éalaithe liostáilte i ngach seomra
- Bealaigh éalaithe agus múchtóirí tine seiceáilte go rialta
- Traenáil ar fáil don fhoireann go rialta ar conas múchtóirí tine a úsáid.
- Rialacha i bhfeidhm sa chlós de réir Cód Iompair na scoile
- Geata ar chúl na scoile faoi ghlas i rith an lae
- Maoirseacht ar na páistí sa chlós roimh am scoile ó 8.40-8.50, ag am sosa agus ag am lóin.
- Leantar nósanna imeachta faoi pháistí a scaoileadh ag deireadh an lae
- Traenáil i gcúrsaí gar-chabhair don fhoireann.
- Crochtar griangraf de pháiste ar bith le h-ailléirgí nó tinneas sa seomra foirne –áit go bhfuil leigheas ann dóibh, agus cuirtear na páistí sin in aithne don fhoireann
- Tá pobal uile na scoile eolach ar pholasáí Sláinte agus Sábháilteachta na scoile

Sábháilteacht Shíceolaíoch

Tá sé mar aidhm ag bainistíocht Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh clár agus achmhainní atá ar fáil a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta na ndaltaí, chun cur leis an meon sábháilteachta agus slándála sa scoil, agus chun deiseann a chur ar fáil chun machnamh a dhéanamh agus chun cúrsaí a phlé

- Comhtháthaítear clár Bí Sábháilte i measccláracha eile i gcuraclam OSPS na scoile. Sna ceachtanna OSPS deintear cúram de bhealaí le déileáil le buairt agus cailteanas, scileanna cumarsáide, féin-mheas, scileanna chunbheith in ann deighléail le suaitheadh láidir mothúalach. Tá Sé Riail Órga Jenny Mosley glactha againn mar threoir laethúil.
- Tríd an Bheartas Frithbhulaíochta deintear éiteas tacaíoch, comhbhách a dhéileálann le deacrachtaí ar scoil a chothú
- Cuirtear eolas ar fáil ar mheabhairshláinte go ginearálta agus ar réimsí sonrachaamhail comharthaí agus airí dúlagair agus imní.
- Tá fáil ar Clár “Rainbows” do pháistí lasmuigh d’am scoile
- Tá córas aitheanta páistí le fadhbanna sláinte, ailirgí srl, agus stádas baile ar an gcóras Aladdin. Cuirtear na múinteoirí ar an eolas ag leibhéal fóirne
- Tá pobal uile na scoile eolach ar pholasaí Cosaint Leanaí agus Níosanna a ghabhann leis. Tá ainmneacha na DCA ar eolas ag an bhfoireann
- Má tá daoine ón taobh amuigh ag teacht chun labhairt leis na daltaí i Scoil Uí Dhálaigh, déanfar é i gcomhthéacs ár bpolasaí Caomhnú Páistí. Cinntítear roimhré cén eolas a bheidh ar fáil do na páistí, cad é saineolas an soláthraí, agus bíonn an múinteoir i gcónaí i láthair
- Tá cóip de na Treoirlínte um Theagmhais Chriticiúla agus an pacáiste Acmhainní ar fáil don fhoireann agus cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi sheiminéair agus cúrsaí inseirbhíse. Tabharfar cuireadh do shíceolaí na scoile forbairt foirne a sholáthar ag cruinnithe foirne/laethanta pleanála de réir mar a bhíonn gá.
- Cuirtear na Níosanna imeachta agus córais aitheanta d’fhonn páistí i mbaol a aithint in iúl don fhoireann teagaisc agus do phearsanra ábharach eile trí cóip de bhileog Taifead Teagmhála an Dalta atá ar fáil sa phacáiste acmhainní
- Cuirfidh antSNSO agus Seirbhís um Chuidiú Fostaithe (Saorghlao 1800 411 057) tacaíocht ar fáil don fhoireann, nuair is gá.
- Tá leabhair agus achmhainní faoi dheacrachtaí a bhaineann le páistí bunscoile ar fáil sa seomra foirne

- Cothaíonn an Príomhoide nasc le gníomhaireachtaí seachtracha.

Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

Tá foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla curtha le chéile mar a mholtar. Roghnaíodh baill na foirne ar bhonn deonach, agus leanfaidh siad sna rólanna seo ar feadh bliana scoile ar laghad. Tá Scoil Uí Dhálaigh ag iarraidh aire a thabhairt dá chuid daltaí agus foireann na scoile trí timpeallacht sabháilte agus oiliúnach a chuir ar fáil i gcónaí. Beidh Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla ag an scoil chun an polasaí a chuir i gcrích agus a fhorbairt. Ar an bhfoireann seo beidh an Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach, maraon le beirt ainmnithe ag an bhfoireann Teagaisc agus duine ainmnithe ag an mBord Bainistíochta. Tíocfaidh an foireann le chéile ó am go ham, agus nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil. Tá fillteán do Theagmhais Chriticiúla ag gach ball den foireann bainistíochta le cóip den polasaí seo ann agus pleananna agus acmhainní atá oiriúnach dá ról ar an bhfoireann. Beidh siad ar fáil go tapaidh i gcás theagmhais Chriticiúil

Rólanna

Na príomh rólanna atá i gceist ná:

- _ Ceannaire Foirne
- _ Teagmhálaí leis an nGarda Síochána
- _ Teagmhálaí leis an bhfoireann
- _ Teagmhálaí leis na daltaí
- _ Teagmhálaí leis na tuismitheoirí
- _ Teagmhálaí leis an bpobal
- _ Teagmhálaí leis na meáin cumarsáide
- _ Riarthóir

Ceannaire Foirne- Ciarán Ó Raghallaigh, Maebh Uí Irile

- Baill Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a chur ar an eolas agus cruinniú a eagrú leo.
- Comhordanú a dhéanamh ar thascanna na foirne.
- Teagmháil a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta, NEPS, ROE, FSS
- Teagmháil a dhéanamh leis an gclann atá faoi mhéala.
- Muna mbíonn an Príomhoide ar fáil, glacfaidh an Príomhoide Tánaisteach an ról seo.

Teagmhálaí leis an nGarda Síochána- Ciarán Ó Raghallaigh, Maebh Uí Irile

(Is féidir le seo bheith mar chuid de ról an Cheannaire fóirne)

- Teagmháil leis na Gardaí
- Cinntiú go bhfuil aon eolas cruinn sular scaipfear é

Teagmhálaí leis an bhFoireann – Bríd Ní Sheachnasaigh, Gráinne Uí Chionnaith

- I gceannas ar chruinnithe a reachtáil don bhfoireann, áit ina mbeadh na fíricí á roinnt agus áit go mbeadh seans ag baill fóirne a mothúcháin a nochtadh, ceisteanna a chuir agus tráthchlár

don lá a eagrú

- Comhairle a thabhairt don foireann faoi faire amach do pháistí leochaileacha
- Ábhar a chur ar fáil don bhfoireann ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla

- An fhoireann a choinneáil ar an eolas i rith an lae
- Bheith aireach d'aon bhall fóirne ata leochaileach agus gach iarracht a dhéanamh labhairt leis/léi ina (h)aonar
- Uimhir Sheirbhís um Chuidiú Fostaithe 1800 411 057 a thabhairt chun cabhrú le múinteoirí go bhfuil cabhair uathu

Teagmhálaí leis na Daltaí – Múinteoirí Ranga

- An fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi pháistí leochaileacha
- Ábhar a chur ar fáil do dhaltaí ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla
- Tuairisc ar pháistí gur bhuaile daoine ó eagraíochtaí taobh amuigh den scoilleo. a choinneáil
- I bhfeighil ar sheomra oiriúnach “ciúin” a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil duine i gceannas air i gcónaí.

Teagmhálaí leis na tuismitheoirí/ Caomhnóirí – Ciarán Ó Raghallaigh, Maebh Uí Irile

- Cuairt a thabhairt ar an gclann faoi mhéala leis an gceannaire fóirne
- Cruinnithe tuistí a eagrú más gá
- Cruinnithe a éascú agus bheith i bhfeighil ar “Cheisteanna agus Freagraí”
- Cinntiú go bhfuil aon cheisteanna faoi aontú maidir le foirmeacha srl á leanúint maratá i bpolasaithe na scoile
- Cinntiú go bhfuil na litreacha samplacha réidh ar ríomhaire na scoile, ullamh le cuir inoiriúint d'aon chás
- Seomra le haghaidh cruinnithe Tuistí a eagrú
- Cúntais de thuismitheoirí a labhairt leis/léi a choinneáil
- Bualadh le tuistí indibhidiúla
- Abhar oiriúnach ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla a chur ar fáil

Teagmhálaí leis an bPobal/ Gníomhaireachtaí- Ciarán Ó Raghallaigh, Maebh Uí Irile

- I bhfeighil ar liosta d'uimhreacha teagmhálachareatha a choimeád – Tuistí tábhachtach m.sh, Príomh bhaill de Choiste na dTuismitheoirí; Seirbhísí Tacaíochta éigeandala agus

teagmhálaithe agus acmhainní tábhachtacha eile

- Nasc a dhéanamh le heagraíochtaí sa Phobal chun cibé tacaíocht agus atreorú atá ag teastáil a shocrú
- Cúlra agus sonraí d'éinne atá ag iarraidh tacaíochta a thabhairt a lorg agus a sheiceáil
- Eagraíochtaí oifigiúla sa phobal a chomhardú
- Cur i gcuimhne d'ionadaithe na heagraíochtaí seachtracha suantais lena nainmneachaorthu a chaitheamh
- An Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a choinneáil ar an eolas faoinbpairt ata á ghlacadh ag na heagraíochtaí seachtracha

Teagmhálaí leis na Meáin – Natasha Ní Phreastúin

- Plean a leagan amach roimhré ar chonas deileáil le heachtraí áirithe a d'fhéadfadh titim amach, (m.sh. daltaí á chur faoi agallamh, griangrafadóirí ar shuíomh na scoile srl)
- I gcás Theagmhais, bualadh leis an gCMÉ srl mar is gá

- Preasráiteas a ullmhú, agus a eisiúint do na meáin chumarsáide (de réir treoir an Bhoird Bainistíochta)

Riarthóir – Maria Ní Phuirséil, Ciarán Ó Raghallaigh

- Uimhreacha teagmhála
-tuistí agus caomhnóirí,
-múinteoirí,
-seirbhísí éigeandála
a choimeád suas chun dáta
- Glacadh glaochanna gutháin agus cuntas de na glaochanna a bhfuil freagra le tabhairt orthu
- Cinntiú go bhfuil teimpléidí ullamh ar ríomhairí scoile roimhré, réidh le cur in oiriúint don suíomh
- Litreacha, ríomh-phostanna, téacsanna a ullmhu agus a sheoladh
- Cóipeanna d’aon ábhar atá ag teastáil a dhéanamh
- Cúntais a choinneáil

Coinneáil Taifead

- Coinneoidh gach ball foirne taifead ar ghlaonna gutháin a cuireadh nó a glacadh, litreacha a seoladh nó fuarathas, cruinnithe a tionóladh, acmhainní a úsáideadh srl. i ndiaidh theagmhais chriticiúil.
- Beidh príomhról ag Maria Ní Phuirséil rúnaí na scoileó thaobh glaonna a fháil agus a logáil, litreacha asheoladh, fótachóipeanna a dhéanamh d’ábhair, agus araile
- Úsáidfear bileog deartha scoile chun na taifid seo a thaifeadadh, agus coinneofar in oifig an phríomhoide iad faoi ghlas go ceann dhá bhliain.
- Beidh rochtain ag daoine profaisiúnta cuí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar na taifid seo.

Rúndacht agus cosaint ainm mhaith dhaoine

Tá freagracht ar Bhord Bainistíochta agus ar Fhoireann Scoil Uí Dhálaigh príomháideacht agus ainm mhaith na ndaoine atá gafa i dteagmhas chriticiúil ar bith a chosaint, agus a bheith cúramach agus discréideach i gcás aon ráiteas poiblí. Coinneoidh foireann na scoile é seo chun cinn agus déanfaidh siad gach iarracht cinntiú go ndéanann daltaí é seo chomh maith. Mar shampla, ní úsáidfear an téarma “féinmharú” ach amháin má tá eolas cinnte gurb é féinmharú atá i gceist agus go gceadaíonn an clann faoi mhéala úsáid an tearma sin. Is féidir na frásaí “bástragóideach” nó “bás tobann” a úsáid go dtí go mbíonn na fíricí cinntithe go h-iomlán de réir dlí. Is féidir an tearma “bás foréigeanach” a úsáid ina ionad

Seomraí Teagmhais Chriticiúla

I gcás Teagmhais chriticiúil, úsáidfear:

- An Seomra Fóirne mar phríomhsheomra le bualadh leis an bhfoireann
- Seomraí Ranga le bualadh le daltaí i ngrúpaí
- Halla na Scoile le bualadh le tuismitheoirí mar ghrúpa mór nó Seomra Threasa le bualadh i ngrúpaí beaga
- Oifig an Phríomhoide le bualadh leis na meáin cumarsáide
- Seomra Mháighréid STF 1 do sheisiúin aonarach le daltaí

- Seomraí STF 4 agus STF 5 do chuartoirí eile

Comhairliúchán agus Cumarsáid i leith an phlean seo

Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann iomlán chun an polasaí agus plean seo a ullmhú.

Ansin

chuamar i gcomhairle le tuismitheoirí na scoile agus lorgaíomar smaointe uathu chomh maith.

Pléadh é ag leibhéal an Bhoird.

Cuireadh an Polasaí agus Plean críochnaithe os comhair na fóirne iomlán.

- Tá cóip pearsanta den phlean ag gach bhall den bhFoireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla.
- Tá cóipeanna de na huimhreacha tábhachtacha agus an plean gníomhartha curtha ar leathanachamháin, lannaithe agus curtha ar an mballa in oifig an phríomhoide agus ar Aladdin
- Beidh cóip den bPolasaí ar thiomántán na scoile.
- Cinnteoidh Maria go bhfuil na huimhreacha suas chun dáta go rialta.
- Cuirfidh Bríd Ní Sheachnasaigh baill nua (buan nó sealadach) fóirne ar an eolas faoi shonraí an phlean.

Uimhreacha teagmhála

- Bíonn liosta cothrom le dáta d'uimhreacha teagmhála thuismitheoir/caomhnóirí ag gach oide dá rang féin ar Aladdin agus do gach dalta agus ball foirne san oifig.
- Tá liosta sonraí teagmhála éigeandála ar son na n-oidí ag an bpríomhoide agus déantar é a uasdátú go bliantúil i mí Meán Fómhair.
- Tá liosta Seirbhísí tacaíochta éigeandála in Aguisín 3 den Phlean seo
- Tá liosta naseirbhísí tacaíochta éigeandála ar crochadh sa seomra foirne, in oifig an Rúnaí agus in oifig an phríomhoide.

Eolas maidir le turais scoile

- Bíonn liosta de na daltaí/baill foirne/tuismitheoirí atá bainteach le turas scoile agus a gcuid uimhreacha teagmhála ag Rúnaí na scoile.
- Bíonn an liosta céanna ag na hoidí {Foirmeacha éigeandála} agus beireann siad leo iad ar gach turas scoile.
- Bailítear eolas leighis suas chun dáta ar dhaltaí i mí Meán Fómhair gach bliain. Iarrtar ar thuismitheoirí eolas nua a thagann chun cinn i rith na bliana scoile a chur in iúl don oide ranga cuí láithreach.

Athbheithniú an phlean:

Déanfar an plean seo a athbheithniú go bliantúil i mí na Samhna. Is í an Príomhoide Tánaisteach, Maebh Uí Irile, a dhéanfaidh an próiseas athbheithnithe a stiúradh.

Arna fhaomhadh ag an mBord Bainistíochta ar an 11/11/17.

Síniú: _____ Dáta: _____
Natasha Ní Phreastúin, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta